



VACSÁIN
COVID-19
Comhairle
Sláinte Poiblí

An Clochán, Gaillimh Ionad Vacsaínithe FnaSS Eolas don Phobal

An t-eolas is déanaí: 17/07/2021



Ionad Vacsaínithe an Chlocháin
Pobalscoil an Chlocháin
Aird Bhéarra, an Clochán
Co. na Gaillimhe
H71 W673


EOLAS FAOIN IONAD




Tá ionad vacsaínithe FnaSS don Chlochán lonnaithe i bPobalscoil an Chlocháin. Is fionad atá i gceist anseo, a bheidh ar oscailt ar feadh lá nó dhó in aghaidh na seachtaine, ag brath ar éileamh agus ar sholáthar vacsaíní.

Tá líne chabhrach ar fáil dóibh sin ar mhaith leo an dara dáileog den vacsaín a fháil ar an gClochán. Glaigh ar 086 036 0942 idir 10 r.n. agus 2 i.n., ó Luan go hAoine. Cabhróidh an t-eolas seo leat ullmhú do do choinne vacsaínithe. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi vacsaíní, téigh chuig www.hse.ie

Láthair: Pobalscoil an Chlocháin, Aird an Bhéarra, An Clochán, Co. na Gaillimhe
Nasc chuig an léarscáil: <https://goo.gl/maps/9hr9GANnRTcKbG2x8>



ROIMH DO CHOINNE



- Gheobhaidh tú cuireadh chuig do choinne trí theachtaireacht téacs (SMS)
- Beidh am, dáta agus suíomh do choinne luaite sa téacs
- Tabhair leat d'uimhir PSP agus d'aitheantas griangraf (e.g. pas, ceadúnas tiomána/Cárta Seirbhísí Poiblí). Ní bhfaighidh tú vacsaín gan cárta aitheantais
- Más an dara dáileog den vacsaín atá i gceist, tabhair leat do chárta vacsaínithe
- Ba chóir duit éadaí scaoilte nó muinchillí gearra a chaitheamh toisc go bhfaighidh tú an vacsaín in uachtar na láimhe
- Tar níos luaithe ná 10 nóiméad roimh do choinne agus fan i do charr go dtí 5 nóiméad roimh an am
- Caith éadaí atá feiliúnach don aimsir mar go bhféadfá a bheith i scuaine lasmuigh

AG TEACHT AR AN IONAD



- Caith clúdach aghaidhe nuair a thagann tú isteach agus le linn do choinne
- Téigh isteach go dtí an t-ionad ón bpríomhbhealach ar Bhóthar Bhaile Conaola, tá an t-ionad vacsaínithe lonnaithe sa halla ar chúl na scoile
- Páirceáil do charr agus déan do bhealach chuig an halla, tá spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil do shealbhóirí na gceadúnais sin
- Má tá scuaine lasmuigh, fan glan 2 mhéadar ar dhaoine eile
- Sula dtagann tú isteach, fiafróidh an fhoireann slándála cé thú fhéin agus cuirfear roinnt ceisteanna ort roimh do choinne a dheimhniú. Seiceálfaidh siad do chárta aitheantais grianghraf freisin
- Má tá comrádaí leat, ba cheart dóibh fanacht sa charr ach amháin más gá dóibh freastal ort i gcúinsí eisceachtúla

LAISTIGH DEN IONAD



- Glan do lámha le díghalrán ar an mbealach isteach
- Nuair atá tú ag dul isteach sa bhfoirgneamh, treorófar thú chuig deasc clárúcháin
- Dearbhóidh an fhoireann d'ainm, dáta breithe, d'uimhir PSP agus am do choinne
- Treorófar ansin thú chuig both le do vacsaín a fháil
- Beidh vacsaíneoir ag fanacht leat taobh istigh den both
- Cuirfidh an vacsaíneoir roinnt ceisteanna ort chun a dheimhniú go bhfuil tú i dteideal vacsaín a fháil agus tabharfaidh sé/sí an vacsaín duit in uachtar na láimhe
- Tabharfar cárta vacsaínithe duit agus iarrfar ort suí ar feadh 15 nóiméad san ionad breathnóireachta
- Ba cheart duit do chárta vacsaínithe a choinneáil slán mar go mbeidh sé uait don dara dáileog den vacsaín
- Nuair atá an 15 nóiméad istigh, is féidir leat an t-ionad breathnóireachta a fhágáil tríd an doras éalaithe ar chúl an halla